**Dé Máirt 13. Nollaig 2022**

P9_TA(2022)0432

# Cur i bhfeidhm Airteagail 93, 107 agus 108 CFAE i leith catagóirí áirithe Státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le hAirteagail 93, 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach in earnálacha an iompair ar iarnród, an iompair ar uiscebhealaí intíre agus an iompair ilmhódaigh (COM(2022)0327 – C9-0290/2022 – 2022/0209(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

(2023/C 177/21)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022)0327),

— ag féachaint d'Airteagal 109 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0290/2022),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0285/2022),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl don Pharlaimint má tá sé beartaithe aici imeacht ón téacs a d'fhormheas an Pharlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an téacs a d'fhormheas an Pharlaimint a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.